


'Cóilín Phádraig Shéamais' ag dul go Sasana

Tá an gheamaireacht **Cóilín Phádraig Shéamais** a scríobh Joe Steve Ó Neachtain do Phléaráca, le taisteal go Londain sa bhFómhair. Léireofar 'Cóilín Phádraig Shéamais' ar an Domhnach 29 Deireadh Fómhair, in Ionad na nGael (The Irish Centre) i gCamden Square. Chonaic os cionn 3,000 duine 'Cóilín Phádraig Shéamais' mí na Márta seo caite, nuair a leiríodh an gheamaireacht i hallaí pobail ar fud Chonamara agus Árann. Sé Trevor Ó Clochartaigh a léirigh 'Cóilín Phádraig Shéamais' do Phléaráca.

Tá sé i gceist ag Pléaráca 'Cóilín Phádraig Shéamais' a chur ar stáitse uair amháin i gConamara, uair amháin i dTaibhdhearc na Gaillimhe agus i Ráth Cairn sular dtéann siad go Londain leis. Anuraidh cé gur thaisteal Pléaráca go Ráth Cairn, níor éirigh leo an gheamaireacht a léiriú mar gur fágadh na cultacha i gConamara ach cuireadh coirmcheol ar an stáitse ina áit.

"Beidh orainn 50 duine a thabhairt go Londain. Cosnóidh sé sin £5,000. Beidh orainn an tairgead sin a aimsiú roimhré. Ach os rud é gurb é an imirce buntéama 'Cóilín Phádraig Shéamais' shíleamar go mba chóir dúinn



Tommai Steven Ó Nia ó Ros Muc dhá réiteach le dul ar stáitse. B'é Tommai a bhí i bpáirt Micil sa gheamaireacht 'Cóilín Phádraig Shéamais' Pic: Bob Quinn

é a thabhairt go Londain le deis a thabhairt do na mílte duine as Conamara sa gcathair sin, geamaireacht Joe Steve a fheiceáil. B'fhéidir go spreagfaidh sé

roinnt acu le filleadh abhaile agus jabanna a thógáil san tionscail teilifíse!" adúirt Donncha Ó hÉallaithe (Cathaoirleach Pléaráca).



Cuid de na hionadaithe óna tithe tábhaime a thóg páirt sna comórtais saighid a reachtaíleadh i dTigh Mheaic (Cárna) le linn Phléaráca Chonamara anuraidh. B'é Larry Keady (ionadai Tigh Darby) a ghnóthaigh

comórtas na bhfear anuraidh agus b'i Bairbre Nic Dhonncha (Tigh Anraí) a ghnóthaigh Comórtas na mBan. Beidh na comórtais saighid ar bun arís i dTigh Mheaic ar an Domhnach 10 Meán Fómhair (pic: Aodán Ó Conchúir)

TIGH CHÓILÍN CONROY

Indreabhán Teil: 091-93386

Ollmhargadh & Stáisiún Seirbhíse
Oscailte 7 lá na seachtaine 8am – 10pm

Grósaelrí • Gual • Nuachtáin • Cadhnairí
Stroighín • Deisiú boinn pollta

Go n-éirí leis an bPléaráca



Dearadh JEK

An Monarchan, Loch an Mhuilinn,
Gleann Mór, An Cheathrú Rua Teil: 091-595338

Seodra airgid dea-mhianaithe
lámhcheardaithe



Cláraigh le Conradh na
Gaeilge agus glac páirt
inár gcuid oibre
ar son na Gaeilge

CONRADH NA GAEILGE
6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Teil: 01-4757401

Tigh Mhic Oireachtaigh

Cárna Fón: 095-32239 Facs: 095-32333

Ollmhargadh Nua-Aimsireach
Togha na Feola i Rannóg an Búistéara
• Lotto • Arán Baile • Cácaí Milse • Cácaí Úlla •
• Bureau de Change • Western Union • Eangachaí •
• Rópaí • Ruógaí •

Tabhair tacaíocht do do shiopa áitiúil
Os cionn 100 bliain ag freastal ar an bpobal

Tigh Mheaic

Cárna 095-32240

Teach Tábhairne agus Brú
suite ar Bhruach na Farraige
faoi bhun an tSléibhe

Tránna áille agus ciúnas



An Comhlachas
Náisiúnta Drámaíochta

3 Dhráma Gaeilge ag Féile Amharclainne
Átha Cliath in Amharclann Choláiste Mhuire

6 & 7-10-95: **Idir Dhá Shorcas** ag Aisteoirí na Tíre
13-10-95: **Le Cuimhne na nDaoine** ag Aisteoirí na hOllscoile, Gaillimh
14-10-95: **An tOcras Mór** ag Aisteoirí Chúil Aodha.

Áirithint: An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, B.Á.C. 01-4783814

SAORTHA CHAMUIS
TEORANTA

Tógálaí Kayak

Camus, Co. na Gaillimhe
091-74202